Organic

School Gardening Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

# Péacáin Inite a Fhás ar Scoil

SUITABLE FOR INFANTS - 2ND CLASS
UP TO 2

| | |
|---|---|
| **Am na Bliana** | I gcaitheamh na bliana ar fad |
| **Aidhm** | Chun léiriú do pháistí conas péacáin inite a fhás agus conas tástáil shimplí a dhéanamh ar phéacadh síl. |
| **Acmhainní de dhíth** | Paicéad de shíolta pis gairdín, cartáin iógart glan agus folamh, olann chadáis, marcóir, coimeádán uisce, síolta biolair, síolta mustaird. |
| **Ábharthacht Thras-Churaclaim** | **OSIE:** Rudaí beo, taiscéal/taighde, taifeadadh, breathnú<br>**Mata:** Ag tomhas, ag taifeadadh, foghlaim ghníomhach<br>**Litearthacht:** Focail nua, scríbhneoireacht, litriú<br>**Ealaín:** Ag déanamh comharthaí, grianghraif<br>**Curaclam Neamhfhoirmiúil:** Food Dudes, Bia Sláintiúil, Discover Primary Science |

# Ag tosú

### Réamh-chur

Pléigh leis na páistí cad is gá do shíolta sula bpéacann siad. Teastaíonn na dálaí teochta, taise, solais agus aeir cearta ón gcuid is mó de na síolta chun péacadh.

### Cur

Déan poill dhraenála i mbun potaí glana le meana nó siosúr ar dtús. Líon gach pota beagnach go dtí an barr le holann chadáis. Taisrigh seo agus spréigh na síolta ar a mbarr, cineál amháin de shíol in aghaidh an phota. (Déan an t-aisréadóir as buidéal uisce óil plaistigh ½ go 1 lítear a bhfuil poill pollta isteach sa chlúdach). Déan aghaidheanna greannmhar ar na potaí le marcóirí. Cuir iad i dtráidire ar leac fuinneoige grianmhar agus ba chóir dóibh péacadh agus fás laistigh de chúpla lá.



### Iarchúram

Coinnigh an olann tais. Gearr as na gais nuair a bhíonn siad thart ar 5cm ar airde. Nigh agus ith. Déanfaidh siad athfhás cúpla uair.

## Leathnú ar ghníomhaíocht

Déan an ghníomhaíocht chéanna le turgnamh chun a thaispeáint cé chomh tábhachtach agus atá na coinníollacha don síol péacadh. Cuir cineál amháin síolta i ngach cartán. Cuir an olann i gceann amháin, coinnigh an olann tirim sa chéad cheann eile, taisigh an chéad cheann eile ach coinnigh sa dorchadas é, taisigh an ceann deireanach ach coinnigh sa chuisneoir é. Déan na potaí a uimhriú agus a ndul chun cinn a thaifeadadh thar seachtaine, ag spreagadh na ndaltaí a aithint cén fáth a bhfuil/nach bhfuil roinnt péacáin  ag fás.

## Ag fás péacáin pise inite

Fás piseanna móra i bpotaí múirín saor ó mhóin. Clúdaigh é píosa beag le níos mó múirín. Uiscigh agus fág ar leac fuinneoige grianmhar. Ith na péacáin amh nuair a bhíonn siad 5cm go 10cm ar airde. Déanfaidh siad athfhás cúpla uair. Cur leis an ngníomhaíocht ag baint úsáide as tástáil ar phéacadh mar a pléadh thuas.



### Sláinte agus Sábháilteacht

- Tá gá le rabhadh agus siosúr á úsáid agat chun poill dhraenála a dhéanamh i gcartáin iógairt agus poill a chreathadh i gclúdach buidéil plaistigh.
- Is dea-chleachtas é do pháistí a chur ar an nós glasraí a ní sula n-itheann siad iad.
- Ba chóir cúram a ghlacadh agus na bróga á ghearradh.